## BILEOG EOLAIS

An Bhruiséil, 29 Aibreán 2014
(OR. en)

# Bearta sriantacha AE

Tá smachtbhannaí i measc na n-uirlisí atá ag AE chun cuspóirí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) a chur chun cinn. Seo iad na cuspóirí sin: síocháin, daonlathas agus urraim ar an smacht reachta, cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta. Is cuid de chur chuige cuimsitheach i leith beartais iad i gcónaí, lena mbaineann agallamh polaitiúil agus iarrachtaí comhlántacha.

Ní pionós atá i gceist le smachtbhannaí AE, ach iarracht ar athrú a ghríosadh i mbeartais nó i ngníomhaíocht na tíre sprice, na n-eintiteas nó na ndaoine aonair. Dá bhrí sin is ar na beartais nó gníomhaíochtaí sin, na modhanna a sheoltar iad agus ar na daoine atá freagrach a dhírítear na bearta sin. Ag an am céanna, déanann AE gach iarracht chun iarmhairtí diúltacha ar an bpobal sibhialta nó ar ghníomhaíochtaí dlisteanacha a choinneáil íseal.

Cuireann AE gach smachtbhanna forchurtha ag NA i bhfeidhm. Anuas ar sin, féadfaidh AE smachtbhannaí NA a athneartú trí bhearta níos déine agus trí bhearta sa bhreis a chur i bhfeidhm. Ar deireadh, má shíleann AE gur gá, féadfaidh sé cinneadh smachtbhannaí uathrialacha a fhorchur.

### Glacadh agus teacht i bhfeidhm

Is trí chinneadh ó Chomhairle CBES, glactha d'aontoil, a fhorchuireann an Chomhairle bearta sriantacha. Cé go n-áirítear leis an gcinneadh seo gach beart a fhorchuirtear, d'fhéadfadh go mbeadh gá le reachtaíocht sa bhreis chun lánéifeacht dhlíthiúil a thabhairt do na smachtbhannaí.

I gcás roinnt smachtbhannaí, amhail lánchosc arm agus toirmeasc ar thaisteal, cuireann na Ballstáit iad i bhfeidhm go díreach. Níl gá ach le cinneadh ón gComhairle do na bearta sin. Tá an cinneadh sin ina cheangal go díreach ar Bhallstáit AE.

Is faoi inniúlacht an Aontais a thagann bearta eacnamaíocha, ar nós calcadh sócmhainní agus toirmisc onnmhairíochta, agus mar sin tá gá acu le reachtaíocht cur chun feidhme ar leith, i bhfoirm rialacháin ón gComhairle, atá ina cheangal go díreach ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí AE. Is éard atá sa Rialachán, a glacadh bunaithe ar thogra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach, na sonraí maidir le raon feidhme beacht na mbeart arna gcinneadh ag an gComhairle agus na bearta sin a chur chun feidhme. Téann an Rialachán i bhfeidhm de ghnáth an lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil AE.

**Bearta coitianta**

- ***Lánchosc arm***

Le lánchosc arm, de ghnáth, clúdaítear díol, soláthar agus iompar earraí atá ar liosta comhchoiteann AE (féach an *liosta comhchoiteann míleata*is déanaí). Airítear cúnamh teicniúil agus airgeadais a bhaineann leis sin sa toirmeasc de ghnáth.

Ina theannta sin, féadfar onnmhairiú trealaimh a úsáidtear chun brú faoi chois inmheánach a thoirmeasc, i. trealamh póilíní nach bhfuil clúdaithe faoi liosta comhchoiteann AE. Roinnt samplaí: feithiclí atá trealmhaithe le canóin uisce, feithiclí chun príosúnaigh a iompar, sreang dheilgneach, clogaid frith-chíréibe agus sciatha.

Féadfaidh an Chomhairle toirmeasc a chur ar earra dé-úsáide a onnmhairiú chuig tíortha a dhíreofar orthu, i. iad sin ar féidir a úsáid chun críocha sibhialta agus míleata, mar a leagtar amach iad ar liosta AE maidir le hearraí dé-úsáide (féach *Iarscríbhinn I de Rialachán 428/2009*).

- ***Calcadh sócmhainní***

Baineann calcadh sócmhainní le cistí agus acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht nó faoi smacht daoine aonair nó eintiteas a dhíreofar orthu. Ciallaíonn sé nach féidir rochtain a fháil ar chistí, amhail airgead, seiceanna, taiscí bainc, stoic, scaireanna srl, nó ní féidir iad a bhogadh nó a dhíol. Ní féidir gach sócmhainn inláimhsithe nó doláimhsithe, lena n-áirítear réadmhaoin, a dhíol nó a ligean ar cíos, ach an oiread.

Áirítear le calcadh sócmhainní toirmeasc ar acmhainní a chur ar fáil do na heintitis nó do na daoine a dhíreofar orthu. Ciallaíonn sin nach féidir le saoránaigh agus cuideachtaí AE íocaíochtaí a dhéanamh nó earraí agus sócmhainní eile a sholáthar dóibh. I ndáiríre, ní féidir idirbhearta gnó le cuideachtaí agus daoine ainmnithe a dhéanamh ó thaobh an dlí de.

I gcásanna áirithe, féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta maoluithe a cheadú ó chalcadh sócmhainní faoi dhíolúintí sonracha, mar shampla chun riachtanais bhunúsacha a chlúdach (amhail earraí bia, cíos, leigheasanna nó cánacha) nó táillí réasúnta dlí.

- ***Toirmeasc ar víosaí agus ar thaisteal***

Daoine a bhfuil toirmeasc ar thaisteal dírithe orthu, ní thabharfar cead iontrála dóibh ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Má tá víosa ag teastáil chun dul isteach san Aontas, ní thabharfar iad do dhaoine atá faoi réir srianta den sórt sin maidir le cead isteach.

Le smachtbhannaí AE, ní thabharfar cead riamh do Bhallstát cead isteach a dhiúltú dá náisiúnaigh féin. Má tá saoránach AE faoi réir toirmisc ar thaisteal, ní mór dá thír dhúchais, faoi réir fhorálacha an dlí náisiúnta, an duine sin a ligean isteach.

Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit díolúintí ó thoirmeasc ar thaisteal a dheonú nuair atá eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta á óstáil acu, nó comhdháil NA nó an Eagraíocht um Shlándáil agus um Chomhoibriú san Eoraip.

**Cén áit a mbíonn smachtbhannaí AE i bhfeidhm?**

De réir mar atá siad, ceaptar smachtbhannaí le go mbeidh éifeachtaí polaitiúla acu i dtriú tíortha. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag bearta sriantacha ach maidir le dlínse AE, sé sin:

- laistigh de chríoch AE, lena n-áirítear a aerspás;
- maidir le náisiúnaigh AE, má tá siad san Aontas nó mura bhfuil;
- maidir le cuideachtaí agus le heagraíochtaí a ionchorpraítear faoi dhlí bhallstáit, má tá siad san Aontas nó mura bhfuil. Áirítear leis sin craobhacha de chuideachtaí AE i dtriú tíortha;
- maidir le haon ghnó a dhéantar ina iomláine nó go páirteach leis an Aontas Eorpach;
- ar bord aerárthaí nó soithí atá faoi dhlínse ballstáit.

Ní ghlacfaidh an tAontas reachtaíocht a bhaineann le cur i bhfeidhm seach-chríochach a sháróidh an dlí idirnáisiúnta. Iarrtar ar thíortha is iarrthóir AE go córasach iad féin a ailíniú le bearta sriantacha AE.

**Réitigh dhlíthiúla**

Cuireann an Chomhairle in iúl do na daoine nó do na heintitis a bhfuil calcadh sócmhainní nó toirmeasc ar thaisteal dírithe orthu maidir leis na bearta a ghlactar ina n-aghaidh. Ag an am céanna, cuireann sí iad ar an eolas faoi na réitigh dhlíthiúla atá ar fáil dóibh: Is féidir leo iarraidh ar an gComhairle breathnú ar a cinneadh arís agus tuairimí a thabhairt faoin liostú. Is féidir leo agóid a dhéanamh i gcoinne na mbeart os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh.

---